C/2025/2766

20.5.2025

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Bealtaine 2025

maidir le réiteach nuálach de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 chun próifíl rotha EPS a chur i bhfeidhm le haghaidh luasanna níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/2766)

An gá atá leis an tuairim

Leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht ('STI') maidir le rothstoc agus leis an gcomharthaíocht a bhaineann leis an gcóras iarnróid Eorpach, déantar foráil maidir le córais údaraithe shonracha chun coinneáil suas leis an éabhlóid theicniúil san earnáil iarnróid, e.g. a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí nó ábhair nua mar aon le modhanna measúnaithe nua-aimseartha. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí réitigh theicniúla nuálacha a údarú cé go n-imíonn siad ó cheanglais reatha san STI, ar choinníoll go gcruthófaí a n-idirinoibritheacht agus a sábháilteacht.

Féadfaidh an Coimisiún tuairim a iarraidh ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún ([1]), maidir leis an réiteach nuálach atá molta sula dtabharfaidh sé a thuairim, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4) den Rialachán sin. I gcás ina dtugann an Coimisiún tuairim dhearfach maidir leis an réiteach nuálach atá molta, agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an STI, measfar gur modh inghlactha comhlíonta í an tuairim dhearfach le ceanglais fhíor-riachtanacha Threoir (AE) 2016/797 ([2]) a fhéadfaí a úsáid chun an measúnú comhlíontachta ar thionscadail a dhéanamh.

Cúlra

An 2 Bealtaine 2024, fuair an Coimisiún iarraidh ar thuairim ón gCoimisiún ó Alstom Transportation Germany GmbH ('Alstom'), i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, maidir le réiteach nuálach chun próifílí rotha EPS a chur i bhfeidhm le haghaidh luasanna níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h, ar ghréasáin leithead rianta 1 435 mm, a bhfuil claonas ráille '1/20' acu.

Is éard a mholann Alstom imeacht ó na teorainnluachanna cónachta coibhéisí a socraíodh do phróifíl rotha EPS agus ó na modhanna measúnaithe le haghaidh próifílí rotha a thástáil agus a bhailíochtú a leagtar síos i bpointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014. Thug Alstom údar lena iarraidh ós rud é nach féidir na teorainnluachanna a chomhlíonadh trí na modhanna measúnaithe atá ar fáil faoi láthair a chur i bhfeidhm.

Dhearbhaigh Alstom an mhalairt slí ó na forálacha a leagtar amach i bpointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 agus mhol sé modhanna measúnaithe malartacha i gcomhréir leis an gcaighdeán nuafhorbartha EN 14363:2016+A2:2022.

D'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht tuairim theicniúil a tharraingt suas ar an réiteach nuálach atá molta de bhun Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Measúnú ar an gcás

Dé réir tuairim ERA/OPI/2024-6 ón nGníomhaireacht, is próifíl rotha í próifíl EPS a mbaintear úsáid aisti go forleathan san Eoraip. Éascaítear léi ardchompord paisinéirí i leith luasanna arda agus cuar i gcomparáid le próifílí rotha eile. Thairis sin, tá an strustuirse teagmhála rollaí níos ísle i gcomparáid le próifílí rotha eile, agus dá bhrí sin, bíonn laghdú ar na costais chothabhála don ghnóthais iarnróid agus don bhainisteoir bonneagair.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach, (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1302/oj).

([2]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj).

Maidir le luasanna níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h, ní chomhlíonann próifíl rotha EPS na teorainnluachanna tosaigh i ndáil leis an gcónacht choibhéiseach le haghaidh claonas ráille '1/20', mar a leagtar síos i pointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Tugadh isteach na luachanna tosaigh sin le haghaidh na cónachtaí coibhéiseacha den chéad uair in 2008 le Cinneadh 2008/232/CE ón gCoimisiún ([3]) agus níor tháinig aon athrú orthu ó shin. Tagraíonn na luachanna sin don roth nach bhfuil caite agus ní mheasann siad aon mhéadú ar an gcónacht choibhéiseach agus an roth i mbun seirbhíse.

Le 16 bliana anuas, forbraíodh modhanna measúnaithe agus caitheamh an rotha agus é i seirbhís á chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Leis an gcaighdeán EN 14363:2016+A1:2018, tugtar tuairisc ar mhodhanna measúnaithe agus dálaí tástála agus leis an tuairisc sin, cuirtear caitheamh an rotha le himeacht ama agus é i bhfeidhm san áireamh, ar modhanna agus dálaí iad atá níos déine agus níos cruinne ná na teorainneacha a tugadh go dtí seo i bpointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Tar éis don Ghníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 4.2.3.4.3.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 a bhaineann le luachanna inseirbhíse chónacht coibhéiseach na bhfoirne rothaí, tagann sí ar an gconclúid sa tuairim uaithi go bhfuil sé níos tábhachtaí tástáil a dhéanamh ar raon oibríochta ábhartha na feithicle, mar a leagtar amach sa chaighdeán EN 14363:2016+A1:2018, ná luachanna tosaigh rotha nach bhfuil caite a bhunú, mar a leagtar amach i bpointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Tá an Ghníomhaireacht den tuairim gur féidir próifíl rotha EPS a úsáid ar ghréasáin 1 435 mm a bhfuil claonas ráille '1/20', '1/30' agus '1/40' acu le haghaidh luasanna suas le 250 km/h, agus roinnt dálaí breise san áireamh. Measann an Ghníomhaireacht go bhfuil an cur chuige sin bailí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phointe 6.2.3.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Agus í ag feitheamh leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, d'eisigh an Ghníomhaireacht na forálacha malartacha a leanas maidir le húsáid phróifíl rotha EPS ar ghréasáin leithead rianta 1 435 mm nó 1 437 mm a bhfuil claonais ráille '1/20', '1/30' agus '1/40' acu agus uasluasanna oibriúcháin feithicle níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h acu.

Modh inghlactha comhlíonta chun an réiteach nuálach a chur i bhfeidhm:

Ceanglais i Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014	**Modh inghlactha comhlíonta go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014**
4.2.3.4.3.1.(2) Déanfar próifíl rotha nua agus an t-achar idir éadain ghníomhacha na rothaí a sheiceáil i leith sprioc-chónachtaí coibhéiseacha agus úsáid á baint as na cásanna ríomha a sholáthraítear i bpointe 6.2.3.6 den STI seo chun oiriúnacht na próifíle rotha nua atá beartaithe don bhonneagar i gcomhréir le STI INF.	Maidir le húsáid phróifíl rotha EPS ar ghréasáin leithead rianta 1 435 mm nó 1 437 mm a bhfuil claonais ráille '1/20', '1/30' agus '1/40' acu agus uasluasanna oibriúcháin feithicle níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h acu, tá feidhm ag na dálaí seo a leanas:

([3]) Cinneadh 2008/232/CE ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2008 maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras rothstoic an chórais iarnróid ardluais thras-Eorpaigh, IO L 84, 26.3.2008, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/232/oj.

Ceanglais i Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014	Modh inghlactha comhlíonta go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014
6.2.3.6. Maidir le haonaid arna ndearadh lena n-oibriú ar chórais leithead rianta 1 435 mm, roghnófar an phróifíl rotha agus an t-achar idir éadain ghníomhacha na rothaí (Toise SR i bhFíor 1, 4.2.3.5.2.1) chun a áirithiú nach sárófar teorainn na cónachta coibhéisí a leagtar amach i dTábla 11 thíos nuair a chuirtear an fhoireann rothaí arna dearadh le gach sampla de na paraiméadair riain mar a shonraítear i dTábla 12 thíos. Leagtar amach an mheastóireacht ar an gcónacht choibhéiseach sa tsonraíocht dá dtagraítear i bhFoscríbhinn J-1, innéacs [9]. Tábla 11 'Teorainnluachanna deartha cónachta coibhéisí', líne 4: Uasluas oibriúcháin feithicle (km/h) | Teorainnluach-anna cónachta coibhéisí | Dálaí tástála (féach tábla 12) > 230 agus < 280 | 0,20 | 1, 2, 3, 4, 5 agus 6 Tábla 12 'Dálaí tástála raoin le haghaidh cónacht choibhéiseach atá ionadaíoch ar an ngréasán. Gach stráice iarnróid a shainítear sa tsonraíocht dá dtagraítear i bhFoscríbhinn J-1, innéacs [44]', línte 1 go 6 Dála tástála uimh. | Próifíl an ráillmhullaigh | Claonas ráille | Leithead rianta (mm) 1 | Stráice iarnróid 60 E 1 | 1/20 | 1 435 2 | Stráice iarnróid 60 E 1 | 1/40 | 1 435 3 | Stráice iarnróid 60 E 1 | 1/20 | 1 437 4 | Stráice iarnróid 60 E 1 | 1/40 | 1 437 5 | Stráice iarnróid 60 E 2 | 1/40 | 1 435 6 | Stráice iarnróid 60 E 2 | 1/40 | 1 437	1. Tá feidhm ag clásal 6.2.3.6 ach féadfaidh na teorainneacha maidir le cónachtaí coibhéiseacha imeacht ó na teorainnluachanna a luaitear i dtábla 11 ach ní mór dóibh fanacht sa raon arna thástáil de réir EN 14363:2016 +A2:2022. 2. Ina theannta sin, déanfar na bearta seo a leanas: (a) Beidh maolairí luascála ag an bhfeithicil chun iompraíocht oibrithe chobhsaí a ráthú, déanfar an maolaire luascála a thástáil de réir EN 14363. Laghdófar an luas mar thoradh ar chliseadh ar an gcóras chun aon éagobhsaíocht a sheachaint go dtí go mbeidh an córas ar ais ina ghnáthstaid fheidhmiúil. (b) Beidh an fheithicil feistithe le Córas Braite Éagobhsaíochta. Comhlíonfaidh an fheidhm sin, ar a laghad, an leibhéal sláine sábháilteachta SIL2. I gcás ina mbraitear éagobhsaíocht, déanfar an traein a mhoilliú lena hoibriú i staid chobhsaí. Laghdófar an luas mar thoradh ar chliseadh ar an gcóras chun aon éagobhsaíocht a sheachaint go dtí go mbeidh an córas ar ais ina ghnáthstaid fheidhmiúil. 3. Le linn na túschéime, déanfar faireachán eiseamláireach ar fhorbairt próifíle an rotha (de réir caithimh) agus éagobhsaíochtaí an aistir feithicle go dtí go ndéanfar an chéad athphróifíliú rialta ar na rothaí.

Measúnú tionchair

Tá an Ghníomhaireacht den tuairim go bhfuil an costas atá ar chomhlíonadh na gceanglas thuas a tugadh isteach cothrom leis na tairbhí toisc mar thoradh ar raon oibríochta níos leithne na feithicle a bhfuil próifílí rotha EPS aici, bíonn luasanna níos airde ann, agus ráthaítear leis compord feabhsaithe paisinéirí agus costas cothabhála níos ísle.

Is iad gnóthais iarnróid, bainisteoirí bonneagair, monaróirí mar aon le húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus an Ghníomhaireacht maidir le húdaruithe feithiclí na páirtithe leasmhara a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

Conclúid

Ar bhonn na tuairime ón nGníomhaireacht, tá an Coimisiún den tuairim go gcumasaítear oibríocht traenacha ar ghréasáin leithead rianta 1 435 mm a bhfuil claonas ráille '1/20' acu ar luasanna níos airde ná 230 km/h agus suas le 250 km/h leis an réiteach teicniúil atá molta ag Alstom chun próifíl rotha EPS a chur i bhfeidhm de réir Threoir (AE) 2016/797.

Mar chonclúid, tá an Coimisiún den tuairim gur modh inghlactha comhlíonta le ceanglais fhíor-riachtanacha Threoir (AE) 2016/797 atá i gcur chun feidhme an réitigh nuálaigh thuasluaite agus dá bhrí sin, féadfar é a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an bhfochóras go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún